



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnaill

Plean Féinmheastóireacht Scoile (2022-2026)

Folláine

Réamhrá:

- Díríonn féinmheastóireacht scoile (FMS) ar fheabhsú scoile trí athbhreithniú comhoibríoch, inmheánach a dhéanamh ar chúrsaí scoile. Beidh pobal na scoile, idir bhainisteoirí na scoile, foireann na scoile, daltaí agus tuismitheoirí mar chuid den FMS.
- Tá Gaelscoil na Ríthe dírithe ar láidreachtaí agus ligeachtaí na scoile a aimsiú, a scrúdú agus a fheabhsú. Aithníonn Gaelscoil na Ríthe go gcabhróidh an FMS le foghlaim agus le teagasc na scoile a fhorbairt agus a fheabhsú mar aon le folláine na ndaltaí.
- Mar chuid den FMS, beidh Gaelscoil na Ríthe ag díriú ar fholláine na bpáistí agus ar Ghaeilge labhartha na bpáistí.
- Díreofar ar na cúig phríomhchúinsí thíos mar chuid den FMS: **Tionchar COVID-19; Fócas an FMS; An próiseas FMS; Rannpháirtíocht in FMS; Tacaíochtaí don FMS**

Na Cúig Phríomhchúinsí:

Tionchar COVID-19: Bhí éifeacht ag COVID-19 ar na gnéithe thíos agus déanfar machnamh ar na gnéithe seo le linn an FMS: **Foghlaim na bpáistí; Folláin na bpáistí; Scileanna sóisialta; Scileanna mothúchánach; Páistí le riachtanais speisialta oideachais; Eispéiris agus torthaí oideachais na bpáistí**

Fócas an FMS: Déanfar anailís mhachnamhach ar na ceisteanna thíos mar chuid de fhócas an FMS:

- Conas atá ag éirí linn? Conas a bhfuil a fhios againn?
- Cad iad na láidreachtaí atá againn? Conas gur féidir linn tógáil ar na láidreachtaí sin?
- Cad iad na réimsí atá le feabhsú againn?
- Conas gur féidir linn feabhsú?

An Próiseas FMS: Le linn an phróisis FMS, díreofar ar na príomhghnéithe a leanas:

- Machnamh leanúnach ar mhúinteoirí aonair agus ar an bhfoireann i gcoitinne
- Gairmiúlacht múinteoirí
- Cleachtas sna seomraí ranga a roinnt
- Measúnú barántúil



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnail

- Breathnóireacht forbartha sa seomra ranga
- Aiseolas gairmiúil agus piar fhoghlaim

Seo thíos na céimeanna a leantar le linn an phróiseas FMS:

- Ainmnigh an fócas
- Bailigh fianaise
- Déan anailís agus déan breithiúnais
- Scríobh agus roinn tuairisc agus plean feabhsúchán
- Cur plean feabhsúchán i bhfeidhim
- Déan monatóireacht ghníomhartha agus déan meastóireacht ar thionchar na ngníomhachtaí sin.

Rannpháirtíocht in FMS: Bainfear úsáid as na réimsí thíos chun tacú le rannpháirtíocht in FMS:

- Suirbhéanna
- Grúpa Fócais
- Grúpaí daltaí eile sa scoil de réir mar is cuí agus le tuismitheoirí/ caomhnóirí
- Cumarsáid dhigiteach nó cineálacha eile cumarsáide faoi dul chun cinn agus faoi thorthaí an phróiseas FMS

Folláine ar Scoil:

Ár gCéad Fhócas 2022 - 2026 (Folláine) Cad atá obair?

- Comhoibriú i measc phobal na scoile ar fholláine, ar mhothúcháin agus ar dhul chun cinn ginéarálta na bpáistí
- Tá na páistí sona agus dearfach don chuid is mó
- Tá na tuismitheoirí sásta agus dearfach don chuid is mó
- Tá foireann na scoile sásta agus dearfach don chuid is mó
- Is scoil ghníomhach í Gaelscoil na Ríthe agus bíonn na páistí gníomhach le linn an gnáth lá scoile
- Bíonn meascán do saor spraoi gan trealamh, saor spraoi le trealamh agus cluichí struchtúra curtha ar fáil do na páistí sa chlós ag amanna difriula

Folláine na Foirne:

- Atmaisféar sona agus oscailte
- Múinteoirí ag tabhairt aire dá chéile agus ag caint nuair a bhíonn rudaí deacair.
- Tacaíocht idir bhainistíocht agus mhúinteoirí
- Meon na foirne i leith na scoile agus a gcuid oibre
- Oiliúint ar fáil do mhúinteoirí



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnaill

Conas a bhfuil a fhios againn?

- Teagmháil idir mhúinteoirí agus bhainistíocht na scoile
- Teagmháil le tuismitheoirí maidir le folláine a bpáistí
- Coiste na dTuismitheoirí a fheidhmíonn go héifeachtach sa scoil agus a thacaíonn le fíorchumarsáid idir tuismitheoirí, fhoireann agus bhainistíocht na scoile.
- Teagmháil oscailte agus rialta le tuismitheoirí na scoile
- Torthaí ó shuirbhé a scaipeadh i measc tuismitheoirí.
- Torthaí ó shuirbhé a scaipeadh i measc na bhfoirne.
- Fíorchumarsáid le páistí na scoile sna ranganna, sa chlós agus timpeall na scoile.

Cad atá le feabhsú?

- Guth níos láidire a thabhairt do pháistí na scoile in imeachtaí a bhaineann leo ar scoil.
- Áit chiúin a chur ar fáil do pháistí go háirithe do na páistí nach n-oireann an gnáth clós, glórmhar leo.
- Tábhachtach na folláine a spreagadh agus a ardú i measc phobal na scoile uiligpáistí, foireann, scoile tuismitheoirí.
- Cur chuige scoil iomlan don OSPS Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
- Folláine a bheith mar chroí lár de shaol na scoile agus ní amháin mar chuid den ábhar OSPS.
- Uasghrádú a dhéanamh agus snas a chur ar thimpeallacht na scoile





Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnaill

Plean Feabhsúcháin

Moltaí:

1. Struchtúr foirmeálta a thabhairt do na páistí labhairt go hoscailte lena chéile agus le múinteoirí na scoile faoi ábhair a bhíonn tábhachtach dóibh.
2. Spás céadfaí a chruthú sa scoil chun tábhacht a thabhairt d'eachtraí a tharlaíonn ar scoil a bhaineann le folláine, mothúcháin agus scileanna sóisialta.
3. Folláine a bheith mar chroí lár de chlár oibre na múinteoirí agus súil níos gearra a choimeád ar eachtraí a bhaineann le mothúcháin agus folláine na bpáistí agus pobal na scoile ar fad.
4. Cur chuige scoil iomlan don OSPS Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Obair Bhaile na scoile
6. Aireachas seachtainiúil a chur ar siúl sna ranganna go léir.
7. Folláine a chur ar an gclár gnó do gach cruinniú foirne.
8. Tréaniarracht a dhéanamh a thuilleadh ama a chaitheamh taobh amuigh leis na páistí a thacódh le folláine na bpáistí a fheabhsú agus leis an Straitéis Náisiúnta um Oideachas um Fhorbairt Inbhunaithe.
9. Uasghrádú a dhéanamh agus snas a chur ar thimpeallacht na scoile
10. A mheabhrú do thuismitheoirí/chaomhnóirí na scoile go bhfuil a nguth iontach tábhachtach dúinn.

Folláine na bhFoirne:

- Díriú ar bhrú sa phost a laghdú an méid gur féidir agus a chinntiú go bhfuil múinteoirí sona sa phost.
- A chinntiú go bhfuil caidrimh maithe idir baill na foirne agus mura bhfuil gur féidir fadhbanna a réitheadh ar bhealach profisiúnta, gairimiúil.

Monatóireacht - 2025/2026

1. Cuirfear an suirbhé céanna ar thuismitheoirí agus foireann na scoile arís chun comparáid a dhéanamh idir na torthaí.
2. Labhrófar le na daltaí chun a dtuairimí a bhailiú faoin ábhar.
3. Labhrófar leis na rangann is sine, chun a dtuairimí a fháil faoi chursaí folláine ar scoil.



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnail

School Self-Evaluation Plan (2022-2026)

Wellbeing

Introduction:

- School self-evaluation (SSE) focuses on school improvement by conducting a collaborative internal review of school systems. The school community, school managers, school staff, pupils and parents are involved in SSE.
- Gaelscoil na Ríthe is focused on identifying, examining and improving school strengths and weaknesses. Gaelscoil na Ríthe acknowledges that SSE will help the development and improvement of school learning and teaching, as well as the pupils' wellbeing.
- As part of SSE, Gaelscoil na Ríthe will be focusing on the wellbeing of the children and the spoken Irish of the children.
- Five circumstances will be selected as part of SSE: **The effect of COVID-19, A focus on SSE, The SSE process, Participation in SSE, Support for SSE**

The Five Main Circumstances:

COVID-19 had an effect on the following, and these will be considered during SSE: **The children's learning; The children's wellbeing; Social skills; Expression skills; Children with special educational needs; The children's experience and educational outcomes**

The SSE focus: The following questions will be reflectively analysed as part of the SSE focus:

- How are we getting on? How do we know?
- What are our strengths? How can we build on those strengths?
- In which areas do we need to improve?
- How can we improve?

The SSE Process: During the SSE process there will be a focus on the following:

- Continuous reflection on individual teachers and on the staff in general
- Teachers' professionalism
- The sharing of classroom practice
- Authentic assessment
- Developed observation in the classroom
- Professional feedback and peer-learning



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnaill

The following are the steps which will be followed during the SSE process:

- Identify the focus
- Gather evidence
- Analyse and make a judgement
- Write a report and improvement plan, and share
- Implement the improvement plan
- Monitor actively and assess the effect of those action

Participation in SSE: The following will be used to support participation in SSE:

- Surveys
- Focus Groups
- Other pupil groups in the school as needed, and with parents/guardians
- Digital communication or other types of communication in relation to progress and results of the SSE process





Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnaill

Wellbeing in School:

Our Initial Focus 2022 - 2026 (Wellbeing)

What is working?

- Cooperation from the school community on wellbeing, emotions, and general progress of the children
- The children, for the most part, are happy and positive
- The parents, for the most part, are happy and positive
- The school staff, for the most part, are happy and positive
- A sensory room is available for the children in Lios na Ríthe
- Gaelscoil na Ríthe is an active school and the children are active during the normal school day.
- A mix of free play without equipment, free play with equipment and structured games are provided to the children in the school yard at different times.

Staff Wellbeing:

- A happy and open atmosphere
- Teachers look out for each other and talk to one another when things are difficult.
- There is support between management and teachers
- The staff attitude to the school and to their work
- Training available to teachers

How do we know?

- Contact between the teachers and the school management.
- Parents are contacted in relation to their child/children's wellbeing.
- A Parents' Committee that functions effectively in the school, and that supports real communication between parents, staff and the school management.
- Open and regular communication with school parents.
- The results of a survey that was distributed to parents of the school.
- The results of a survey that was distributed to the school staff.
- Real communication with the children in class, in the yard and around the school.



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnaill

What can be improved?

- To give the school children a stronger voice in activities that affect them in school.
- To provide the children with a quiet place especially for the children for whom normal noisy activities are not suitable.
- To inspire and increase the awareness of the importance of wellbeing throughout the school community, (children, staff and parents).
- Implement a whole school approach to teaching of the SPHE curriculum
- To have wellbeing at the centre of school life, and not just as a section of the subject SPHE.

Improvement Plan

Proposals:

1. To form a Students' Committees to provide the children with a formal structure in which they can speak openly to one another and to the teachers in the school about matters that are important to them.
2. To create a sensory space to give importance to events that happen in the school in relation to wellbeing, emotions and social skills, and which will give children who seek a quiet place somewhere to go.
3. To place wellbeing at the heart of the teacher's work programme, and to keep a closer eye on incidents that are related to the children's emotions and wellbeing, and with the wellbeing of the whole school community.
4. Implement a whole school approach to teaching of the SPHE curriculum
5. Review the schools homework policy
6. To provide mindfulness activities in all the classes weekly.
7. To have wellbeing on the agenda of every staff meeting.
8. To make a great effort to spend more time outside with the children, that would help improve the wellbeing of the children, and in line with the National Strategy on Education for Sustainable Development.
9. Carry out a programme of improvements to the school building and surroundings.
10. To remind the school parents/guardians that their voice is very important to us.



Gaelscoil na Ríthe

Domhnach Seachnail

Staff Wellbeing:

- To focus on reducing the pressure of the job as much as possible, and to ensure that teachers are happy in their job.
- To ensure that there are good staff relations, and if there is not, that difficulties are resolved in a professional way.

Monotoring - 2025/2026

1. The same survey will be distributed again to parents and to the school staff to compare the results.
2. The Student's Council will be approached in order to get their opinions on the subject.
3. The most senior classes will be approached in 2025/2026 to get their opinions on school wellbeing.